



## Eagarthóir / Léiritheoir – Conradh Cuspóra Seasta – Saoire Mháithreachais a chlúdach

Is mian le TG4 Eagarthóir / Léiritheoir a earcú chun tréimhse saoire máithreachais a chlúdach. Ag freagairt don Stiúrthóir Margaíochta & Forbartha, beidh an tEagarthóir / Léiritheoir i mbun ábhar margaíochta a léiriú agus a stiúradh d'ardáin ar leith chomh maith le cúram léiritheora/bainistíochta a bheith air ar thograí ar leith.

### An Ról

Beidh an té a cheapfar freagrach as ceannasaíocht a ghlacadh ar thograí ar leith. I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh:

- Tograí físe margaíochta d'ardáin éagsúla a léiriú agus a stiúradh
- Ábhar a bheidh á chruthú a léiriú agus a eagrú
- Ábhar a chruthú agus a fhoilsiú
- Ábhar a fhorbairt do shraitheanna 'gearrfhoirme'
- Script nó Ceannlínte tarraingteacha a chumadh i nGaeilge agus i mBéarla.
- Ceannaireacht ar Thograí faoi leith (m/sh ardán, feachtais nó léiriúcháin)
- Stíl agus struchtúir a fhorbairt d'ábhar físe margaíochta
- Foirne Léiriúcháin a chomhordú

### Nithe atá riachtanach don phost seo:

A bheith tiomanta Fís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

Treoir ealaíonta a thabhairt maidir le hábhar físe.

Tuiscint ar mhargaíocht agus ar chur chuige cumarsáide.

Ábalta feidhmiú go muiníneach as a stuaim féin agus go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil.

Ard-scileanna i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla chomh maith le cumas cóipscribhneoireachta

Sár-thuiscint ar na hardáin dhigiteacha, na meáin shóisialta agus lucht féachana na n-ardán éagsúil

Duine dearfach, go maith ag obair le foireann agus taithí chruthaithe ar fhoireann a threorú

Beidh taithí mhaith ag an té a cheapfar ar ríomhaireacht (ard-tuiscint ar Excel, MS Office agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa).

Tuiscint ar an lucht féachana

A bheith sásta freastal ar an láthair oibre sa gCeannáras de réir mar a oireann.

4pm Déardaoin an 29 Deireadh Fómhair an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig [cv@tg4.ie](mailto:cv@tg4.ie).

*Is fostóir comhionannas deiseanna é TG4. Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhostú.*